Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023
(OR. en)

9308/23

LIMITE

PROCIV 29
JAI 605
COHAFA 52
FIN 526
CODEC 844
CADREFIN 62

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0095(COD)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8322/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta<br>*- Cur chuige ginearálta* |

## CÚLRA

1. An 14 Aibreán 2014, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa le haghaidh Cinneadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[1].

2. Tá an Cinneadh atá beartaithe teoranta (airteagal amháin) agus is é is aidhm dó síneadh a chur leis an spriocdháta ar féidir leis an gCoimisiún maoiniú a chur ar fáil go dtí é chun a áirithiú go mbeidh eitleáin chomhraicthe dóiteáin agus héileacaptair ar fáil go tapa chun tacú leis na Ballstáit dóiteáin foraoise a chomhrac.

[1] 8322/23.

3. Faoi na forálacha idirthréimhseacha sin ('aistriú rescEU'), is féidir acmhainneachtaí aerchomhraicthe dóiteáin (eitleáin agus héileacaptair) a léasú sa ghearrthéarma chun bearnaí acmhainneachta a chumhdach go dtí go soláthrófar an cabhlach aeir buan agus go dtí go mbeidh sé ag feidhmiú. Rachaidh na forálacha idirthréimhseacha in éag faoi láthair an 31 Nollaig 2024 ach, mar gheall ar mhoilleanna ar tháirgeadh na n-eitleán buan amfaibiach, tá síneadh ar an tréimhse sin go dtí an 31 Nollaig 2027 (deireadh an CAI reatha) sa togra.

PUBLIC

**AN OBAIR SA CHOMHAIRLE**

4. Chuir an Coimisiún an togra i láthair na Meithle um Chosaint Shibhialta (PROCIV) an 19 Aibreán 2023. Seoladh glao ar bharúlacha i scríbhinn agus rinneadh an chéad mhalartú tuairimí maidir leis an togra ag cruinniú PROCIV an 10 Bealtaine 2023. Ag an gcruinniú sin, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí idirghabhála an togra.

5. Mar a chuir na toscaireachtaí in iúl gurbh fhearr leo go nglacfaí an gníomh dlíthiúil go tapa, níor moladh aon leasú mar thoradh ar an bplé. Go háirithe, thug na toscaireachtaí dá n-aire a phráinní agus a thábhachtaí atá an modhnú atá beartaithe, chun a áirithiú go mbeidh acmhainneachtaí náisiúnta aerchomhraic dóiteáin ar fáil go tapa tar éis shéasúr falscaithe 2024 freisin, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe ar an riosca falscaithe san Aontas agus i bhfianaise na bhfalscaithe a bheith ag éirí níos minice agus níos déine mar gheall ar theochtaí atá ag dul i méid agus tréimhsí fada triomaigh.

6. Tar éis plépháipéar ón Uachtaránacht ina leagtar amach an cur chuige sin, pléadh an togra arís ag an gcruinniú a bhí ag PROCIV an 24 Bealtaine 2023, inar chomhaontaigh na toscaireachtaí tacú leis an togra ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú freisin maidir le ráiteas ón gComhairle a chur isteach a ghabhfaidh leis an gCur Chuige Ginearálta agus dhearbhaigh siad a gcomhaontú maidir leis an dréacht-téacs – a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo – tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn an 9 Meitheamh 2023.

**CONCLÚID**

8. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

   – teacht ar chur chuige ginearálta maidir le téacs an Chinnidh atá beartaithe mar a thíolaic an Coimisiún é agus mar a leagtar amach in 8322/23 é, a bheidh ina shainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh (Airt. 294 CFAE);

   – an ráiteas ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo a chur isteach i miontuairiscí chruinniú na Comhairle.

PUBLIC